Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0282B (COD)

15577/17
ADD 3

CODEC 2049
AGRI 688
AGRILEG 249
AGRIFIN 132
AGRIORG 124
AGRISTR 115
VETER 124
PHYTOSAN 27

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, Rialachán (AE) Uimh. 1307/ 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta laistigh de chreat an chomhbheartais talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1308/ 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí **(an chéad léamh)** - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráitis

Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa

- **Na rialacha nua maidir le heagraíochtaí táirgeoirí agus leis an dlí iomaíochta (CEM)**

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, de réir Airteagal 42 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), nach bhfuil feidhm ag rialacha iomaíochta maidir le táirgí talmhaíochta a tháirgeadh agus a thrádáil ach sa mhéid atá an táirgeadh agus an trádáil sin socraithe ag an bParlaimint agus ag an gComhairle, agus aird á tabhairt ar chuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) mar a leagtar síos in Airteagal 39 den Chonradh céanna.

Mar a leagtar amach sa chonradh, agus i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[1], tá forlámhas ag cuspóirí CBT ar chuspóirí an bheartais iomaíochta Eorpaigh. Níl margaí talmhaíochta díolmhaithe, áfach, ó chur i bhfeidhm an dlí iomaíochta. Tá sé de shainphribhléid ag na comhreachtóirí, eadhon Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, rialacha iomaíochta sainiúlachtaí talmhaíochta a oiriúnú.

Sa chomhthéacs sin, déanann an Pharlaimint trí bhíthin an Rialacháin seo soiléiriú ar an ngaolmhaireacht idir rialacha CBT, go háirithe ról agus misin eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachas d'eagraíochtaí táirgeoirí, agus cur i bhfeidhm an dlí iomaíochta Eorpaigh a mholadh. Tá an soiléiriú sin riachtanach mar gheall ar na héiginnteachtaí atá fós ann maidir leis na rialacha sin a chur chun feidhme, agus tá sé fíor-riachtanach chun go mbainfí amach cuspóir an Aontais Eorpaigh chun staid na bhfeirmeoirí laistigh den slabhra soláthair bia a neartú. Tá na moltaí ó Pharlaimint na hEorpa bunaithe ar na moltaí atá sa tuarascáil ó Thascfhórsa an Agra-Mhargaidh (AMTF) an 14 Samhain 2016. Bunaíodh na moltaí sin ar shraith éisteachtaí agus tuairimí a fuarthas ó gach gníomhaí sa slabhra soláthair bia: táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí.

[1] Breithiúnas *Maizena*, 139/79, AE:C:1980:250, mír 23;
Breithiúnas *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-280/93, AE:C:1994:367, mír 61.

Tá sé mar aidhm ag Parlaimint na hEorpa simpliú agus soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí i ngach earnáil a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán 1308/2013 gníomhaíochtaí a dhéanamh, thar ceann a mball, maidir le táirgeadh a pleanáil, táirgí a chur ar an margadh agus caibidlíocht a dhéanamh maidir le conarthaí chun táirgí talmhaíochta a sholáthar agus chun costais táirgeachta a optamú. Chun na cúraimí sin a chur i gcrích, is gá, go bunúsach, gurb ann do nósanna imeachta áirithe, lena n-áirítear comhairliúcháin inmheánacha a dhéanamh agus fáisnéis tráchtála a mhalartú laistigh de na heintitis sin. Tá sé á mholadh, mar sin, go mbeadh na cleachtais sin lasmuigh de raon feidhme an toirmisc ar chomhaontuithe frithiomaíocha, a leagtar síos le hAirteagal 101(1) CFAE, agus go mbainfeadh eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí tairbhe as maolú ar chur i bhfeidhm an airteagail sin, agus aon ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin ar a laghad á déanamh acu. Ní maolú daingean é sin áfach: beidh údaráis iomaíochta fós in ann idirghabháil a dhéanamh má mheasann siad go dócha nach mbeadh iomaíocht ann nó go gcuirfí cuspóirí CBT i mbaol mar gheall ar na gníomhaíochtaí sin.

Dá bhrí sin, déantar soiléiriú ar ról agus misin eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí agus ar a ngaolmhaireacht leis an dlí iomaíochta. Gan dochar do shainphribhléid an Choimisiúin Eorpaigh, measann Parlaimint na hEorpa nach bhfuil soiléiriú breise i bhfoirm treoirlínte ón gCoimisiúin Eorpach ag teastáil i ndáil leis na rialacha nua.